An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

# Straitéis Rialála

# 2022 - 2027



# Clár

Réamhfhocal ........ 2

Gluais ........ 4

Cé hiad páirtithe leasmhara an CCS? ........ 5

Misean, Fís agus Luachanna ........ 6

Mandáid ........ 8

Spriocanna Straitéiseacha ........ 9

1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach ........ 10
2. Daoine aonair a chosaint agus feasacht ar chosaint sonraí a ardú ........ 13
3. Tosaíocht a thabhairt do pháistí agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint ........ 16
4. Soiléireacht a thabhairt do pháirtithe leasmhara ........ 19
5. Tacú le heagraíochtaí agus comhlíontacht a chothú ........ 22

Conclúid ........ 26

# Réamhfhocal

*Sa straitéis de chuid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí don tréimhse 2022 - 2027, sonraítear fís uaillmhianach do chúig bhliana chinniúnacha, a chreidimid, maidir leis an dlí, le rialáil agus le nósmhaireacht i dtaca le cosaint sonraí.*

Agus an Straitéis Rialála don tréimhse 2022 - 2027 á forbairt, Bhí an CCS mionchúiseach agus machnamh á dhéanamh ar riachtanais agus ar léargais na bpáirtithe leasmhara, an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn sé, an comhthéacs reatha a bhfeidhmíonn sé ann agus na comhthéacsanna éagsúla amach anseo gur gá dó ullmhú lena n-aghaidh. Áirítear freisin na teoiricí acadúla atá ag teacht chun cinn i dtaca le rialáil éifeachtach agus le heacnamaíocht iompraíochta. Tá an taighde seo tomhaiste ansin in aghaidh na tuisceana go bhfuil acmhainní teoranta ag an CCS agus go gcaithfear iad a chur san áit is mó leasa, rud a chiallaíonn gur gá cinntí géara rialála a dhéanamh.

Cuimsíonn leithead rialála an CCS na réimsí ar fad sa saol pearsanta agus sa saol poiblí; ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Chun Straitéis Rialála a fhorbairt a chruthóidh treoir éifeachtach dá leithead fairsing feidhmiúcháin, tá an CCS mionchúiseach aird a thabhairt ar an gcomhthéacs níos leithne a bhfeidhmíonn sé ann, riachtanais na bpáirtithe leasmhara éagsúla agus na hathruithe atá ag teacht ar na hearnálacha neamh-thraidisiúnta a fheidhmíonn go tapa, a ndéanann sé rialáil orthu.


Ba cheart a admháil go bhfuil an Straitéis Rialála seo á cur i bhfeidhm go luath sa tréimhse ina bhfuil athchóiriú suntasach déanta ar reachtaíocht cosanta sonraí - is é sin RGCS agus an Treoir i leith Fhorfheidhmiú an Dlí a théann leis - chomh maith leis na dúshláin a bhaineann le léirmhíniú a bhíonn ann de ghnáth nuair a dhéantar athrú suntasach rialála. Tá doiléireachtaí ann de réir na ndúshlán seo i dtaca le léirmhíniú agus i dtaca le forfheidhmiú an dlí i gcomhthéacs go bhfuil tuiscint i bhfad níos doimhne sa phobal ar chosaint sonraí. Ní mór don CCS - mar aon le húdaráis eile cosanta sonraí - na doiléireachtaí seo a shoiléiriú.

Ní mian - mar thoradh ar aon ghníomhaíocht ná cur chuige a shonraítear sa Straitéis Rialála seo - ó ghearáin a láimhseáil go dtí rannpháirtíocht straitéiseach - 'níos lú' a dhéanamh do pháirtithe leasmhara. A mhalairt atá fíor, agus moltar na spriocanna straitéiseacha ar fad mar bhealach chun tuilleadh a dhéanamh, ar mhaithe le tuilleadh.

Tá an Straitéis eagraithe de réir bhun-spriocanna, atá mar bhonn faoi mhisean, faoi fhís agus faoi luachanna an CCS, a chuireann le seachadadh na dtosaíochtaí straitéiseacha. Aithníonn an CCS nach féidir leis a chuid mianta a bhaint amach as féin - beidh gá le páirtnéireachtaí nua agus le bealaí nua rannpháirtíochta de réir mar a bhreathnaíonn muid chun cinn nuair a bheifear ag teacht le chéile níos cóngaraí. Sin ráite, tosaíonn an CCS go muiníneach: is oifig rialála le muinín muid, agus fonn shoiléir diongbháilteachta orainn, taithí againn ar éachtaí a bhaint amach, agus todhchaí dearfach amach romhainn.

Chun an Straitéis Rialála seo a ullmhú, chuaigh an CCS i mbun chomhairliúcháin atriallaigh le réimse leathan de pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun léargais agus taithí a bhailiú i dtaca leis an tionchar ar shaol daoine aonaracha agus ar eagraíochtaí in earnálacha éagsúla maidir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chur i bhfeidhm. Déanach i Meitheamh na bliana 2021, chuir an CCS deireadh leis an bhfógra oscailte deiridh d’aighneachtaí chuig an gcomhairliúchán rialála ar an Dréacht Straitéis féin. Léiríodh leithead na bpáirtithe leasmhara de chuid an CCS sna haighneachtaí a fuarthas.

Is léir ón doimhneacht smaointeoireachta a tugadh do na haighneachtaí seo go bhfuil an RGCS ina ábhar ríthábhachtach spéise do roinnt mhaith daoine. Mar a tharlaíonn le haon reachtaíocht chuimsitheach, ní réitíonn na tuiscintí éagsúla ó pháirtithe leasmhara lena chéile i gcónaí i dtaca leis an mbealach is fearr chun an RGCS a chur i bhfeidhm. Sin ráite, tá feidhm ag an CCS na cosúlachtaí a tharraingt as na tuairimí éagsúla seo, agus clár do thosaíochtaí rialála a aithint a chuirfidh le comhlíontacht agus a chothóidh torthaí níos fearr do dhaoine san Aontas Eorpach i dtaca le cosaint sonraí. Tá na roghanna straitéiseacha a rinneadh sa Straitéis seo faoi bhonn ag an sprioc ginearálta - tuilleadh a dhéanamh ar mhaithe le tuilleadh - de réir mar a théann an CCS i ngleic le todhchaí rialála ina bhfuil tosaíochtaí freasúla.



Helen Dixon,
Coimisinéir um Chosaint Sonraí

## Gluais

ÚMB - Údarás Maoirseachta Bainteach

ÚCS - Údaráis Cosanta Sonraí

CCS - Coimisiún um Chosaint Sonraí

OCS - Oifigeach Cosanta Sonraí

BECS - Bord Eorpach um Chosaint Sonraí

RGCS – Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí

CEMI - Córas Eolais an Mhargaidh Inmheánaigh

TFD – Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí

ÚCM - Údarás Ceannais Maoirseachta

IIF - Ionad Ilfhreastail

## Cé hiad Páirtithe Leasmhara an CCS?

Agus eolas pearsanta in úsáid ar fud na háite agus é lárnach i saol an lae inniu, imríonn gníomhaíochtaí rialála an CCS tionchar ar pháirtithe leasmhara go leor. Is féidir na páirtithe leasmhara seo a rangú go ginearálta mar seo a leanas:

- Muintir na hÉireann
- Daoine aonair an AE a ndéantar a gcuid sonraí a phróiseáil ag gnólachtaí a bhfuil ceanncheathrú acu in Éirinn
- Stát-Seirbhís agus Forais Stáit
- Rialtas
- Gnó agus tionsclaíocht intíre (na hÉireann)
- Eagraíochtaí Neamh-Rialtais agus grúpaí abhcóideachta
- Forais Ionadaíochta
- Eagraíochtaí ilnáisiúnta gnó agus cláir a bhfuil ceanncheathrú acu in Éirinn
- Soláthraithe Oideachais (lena n-áirítear ionaid taighde agus nuálaíochta)
- An Earnáil Sláinte (soláthair cúraim agus taighde araon)
- Oifigigh Cosanta Sonraí
- Údaráis Chosanta Sonraí eile an AE
- Rialaitheoirí idirnáisiúnta eile cosanta sonraí
- Gairmithe dlí
- Institiúidí Airgeadais
- Na meáin (náisiúnta agus idirnáisiúnta araon)

*Níor cheart an liosta seo a thuiscint mar léiriú ar ord tosaíochta.

## Misean, Fís agus Luachanna

**Misean:** An dlí maidir le cosaint sonraí a chur i bhfeidhm go cothrom trí rannpháirtíocht, maoirseacht agus forfheidhmiú, agus comhlíontacht le reachtaíocht cosanta sonraí a chur chun cinn.

*Tugann an Coimisiún um Chosaint Sonraí cosaint do chearta an duine i leith cosaint sonraí agus tugann sé soiléireacht do na heagraíochtaí a ndéanann sé rialáil orthu tríd:*

- *oideachas a chur ar pháirtithe leasmhara i dtaca lena gcuid cearta agus lena gcuid freagrachtaí;*
- *cur chuige cothrom agus tomhaiste a ghlacadh i dtaca le gearáin a láimhseáil;*
- *cumarsáid chuimsitheach agus oscailte le páirtithe leasmhara;*
- *rannpháirtíocht ghníomhach ag leibhéal an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí chun comhsheasmhacht a bhaint amach;*
- *fadbhreathnaitheacht theicneolaíochta a chothú, chun teacht roimh fhorbairt rialála amach anseo;*
- *smachtbhannaí cuí agus tomhaiste; agus*
- *saineolas na foirne a choinneáil agus a chomhtháthú chun éifeachtúlacht fheidhmiúcháin a chinntiú*

**Fís:** Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí tiomanta a bheith ina rialaitheoir neamhspleách cumhachtach ar dhlíthe cosanta sonraí an AE gur féidir leis an bpobal brath air; a rialaíonn le sprioc soiléir, a bhfuil muinín ag an bpobal as, a bhfuil meas ag ár gcomhghleacaithe air, agus atá éifeachtach maidir le rialáil. Beidh ról ceannaireachta ag an CCS i dtaca le soiléireacht dhlíthiúil a thabhairt sna blianta tosaigh den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Bainfidh an CCS leas as cur chuige rialála atá bunaithe ar riosca i leith a chuid oibre, ionas go dtugtar tosaíocht dá chuid acmhainní ar an mbonn go ndéantar an leas is mó don líon is mó daoine. Beidh an CCS tairbheach agus dúshlánach mar láthair oibre, le haird ar na daoine cuí a choinneáil, a mhealladh agus a chur san áit is fearr chun a gcuid feidhmeanna a chomhlíonadh, agus luach agus cumas na foirne a aithint mar an bua is tábhachtaí atá aige.

**Luachanna:** Is údarás féinrialaitheach é an Choimisiún um Chosaint Sonraí, le freagracht eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí a rialáil, chomh maith le cearta cosanta sonraí a chosaint i dtaca le daoine aonair. I dtaca leis na dualgais seo, tá an CCS tiomanta gníomhú i gcónaí ar bhealach atá:

- ✓ Cothrom
- ✓ Oscailte
- ✓ Cúramach
- ✓ Saineolach
- ✓ Freagrach
- ✓ Neamhspleách
- ✓ Comhsheasmhach
- ✓ Ag Breathnú Chun Cinn
- ✓ Bunaithe ar thorthaí

## Mandáid

Tá mandáid leathan ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun tabhairt faoi mhaoirseacht agus forfheidhmiú i dtaca leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, a thugann cearta níos láidre do dhaoine aonair i dtaca le cosaint sonraí agus a chuireann níos mó freagrachtaí ar eagraíochtaí a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil. Tugann RGCS cumhachtaí níos láidre d'Údaráis Chosanta Sonraí, agus ceadaítear don CCS faoi na cumhachtaí atá aige agus na cúraimí atá air, gearáin ó dhaoine aonair a láimhseáil, chomh maith lena gcuid fiosrúchán féin a bhunú i dtaca le réimsí córasacha riosca. Déanann an CCS rialáil i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí, leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018, leis an Treoir um Phríobháideachas Leictreonach agus leis an Treoir um Fhorfheidhmiú Dlí.

## Spriocanna Straitéiseacha

1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach
2. Daoine aonair a chosaint agus feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn
3. Tosaíocht a thabhairt do pháistí a chosaint chomh maith le grúpaí leochaileacha eile
4. Soiléireacht a thabhairt do pháirtithe leasmhara
5. Tacú le heagraíochtaí agus comhlíontacht a chothú

## 1. Rialáil go comhsheasmhach agus go héifeachtach

*Torthaí Cuí: Tugtar tuiscint chomhsheasmhach agus soiléireacht dhlíthiúil do na páirtithe leasmhara ar fad trí fheidhmiú agus trí fhorfheidhmiú na reachtaíochta i dtaca le cosaint sonraí, lena n-áirítear an RGCS, an TFD, an Treoir um Phríobháideachas Leictreonach agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.*

Bhunaigh an RGCS reachtaíocht chomhoiriúnaithe ar fud na hEorpa agus é mar aidhm ag an reachtaíocht cinnteacht dhlíthiúil a thabhairt do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí araon maidir le conas a dhéantar próiseáil ar shonraí pearsanta de chuid daoine an AE, agus tá an sprioc sin comhlíonta, a bheag nó a mhór.

Thar aon rud eile, tá an RGCS bunaithe ar phrionsabail seachas ar mhionsonraí, rud a cheadaíonn dó leathnú agus freastail ar fhorbairtí amach anseo. Ach, ciallaíonn sé seo gur gá grinnluacháil a dhéanamh ar an reachtaíocht gach uair a gcuirtear i bhfeidhm é ar chomhthéacsanna nó ar theicneolaíochtaí ar leith.

Agus aird á tabhairt ar an luas ag a athraíonn an teicneolaíocht agus an sochaí, tá riachtanas ar leith ann cinnteacht agus seasmhacht a mhéadú i dtaca leis an mbealach a dhéantar dlíthe um chosaint sonraí a fhorfheidhmiú. Creideann an CCS go dtiocfaidh feabhas go ginearálta ar chomhlíontacht nuair atá tuiscint shoiléir ag na páirtithe leasmhara maidir le conas mar a chuirtear an dlí i bhfeidhm.

Léiríonn aiseolas ó pháirtithe leasmhara, daoine aonair agus eile araon, go bhfuil fonn láidir ann maidir le hoscailteacht níos mó san CCS i dtaca leis an mbealach a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna rialála agus a leithéid d'eolas a chur ar fáil ar bhealach cuí so-thuigthe don lucht spéise. Tacaíonn rialáil shoiléir, comhsheasmhach oscailte i dtaca le cosaint sonraí, le comhlíontacht agus tugann sé cumhacht do dhaoine aonair.

Rachaidh an CCS i gcomhairle go hatriallach leis an Rialtas i dtaca leis an méadú riachtanach ar acmhainní chun éifeachtúlacht fheidhmiúcháin an CCS a chinntiú, faoi láthair agus amach anseo. Ina theannta sin, coinneoidh an CCS aird ar an eagraíocht a thógáil mar áit thairbheach agus dhúshlánach chun a bheith ag

obair ann, a chuireann féin-fhorbairt agus foghlaim chun cinn dá chuid fostaithe, a aithníonn gurb í foireann an Choimisiúin an bua is tábhachtaí atá aige.

**Chun an toradh seo a bhaint amach, beartaíonn an CCS:**

- Na teorainn a bhaineann le reachtaíocht a shoiléiriú agus ionchais a shocrú do pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear na cásanna gur gá beartais cheartúcháin a chur i bhfeidhm.
- Treoir do dhaoine aonair a fheabhsú, lena n-áirítear grúpaí leochaileacha, ar bhealach cuí, agus tuiscint níos doimhne ar reachtaíocht chosanta sonraí a chur chun cinn agus smacht níos fearr ar eolas pearsanta.
- Na nósanna imeachta a chaighdeánú agus a fhoilsiú i dtaca le gearáin agus fiosrúcháin a láimhseáil.
- Oscailteacht a mhéadú agus eolas a chur ar fáil i dtaca le gníomhaíochtaí for-rochtana an CCS agus dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara;
- Cásanna samplacha a fhoilsiú go ráithiúil a léiríonn conas mar a chuirtear reachtaíocht chosanta sonraí i bhfeidhm, conas mar a aithnítear neamh-chomhlíontacht agus conas mar a chuirtear beartais cheartúcháin i bhfeidhm.
- Comhoibriú agus cumarsáid le húdaráis chosanta sonraí eile ar cheisteanna a thagann chun cinn.
- Soiléiriú agus comhsheasmhacht a lorg ar nósanna imeachta faoin gcóras Ionad Ilfhreastail agus comhoibriú idirnáisiúnta.
- Oibriú go dlúth leis an mBord Eorpach um Chosaint Sonraí chun cinnteacht dhlíthiúil a fhorbairt d’aistrithe idirnáisiúnta de shonraí pearsanta.
- Achainí a dhéanamh ar an rialtas sciar dóthanach den bhuiséad a chur ar fáil chun a chinntiú gur féidir na tosaíochtaí straitéiseacha a aithníonn an CCS a chur i gcrích.
- Cead a lorg ón rialtas chun sain-fheachtais earcaíochta a reáchtáil chun cur le scileanna agus cumas i réimsí riachtanacha.
- Na torthaí ar athbhreithniú neamhspleách a rinne KOSI Corporation i dtaca le cumas acmhainní agus riachtanais acmhainní an CCS ón stát amach anseo a fhoilsiú.

- Tosaíocht a thabhairt do dheiseanna traenála cuí don fhoireann reatha chun a chinntiú go gcoinnítear scileanna cothrom le dáta.
- Dul i gcomhairle leis an Roinn Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe agus le hOifig na nOibreacha Poiblí chun spás lárnach oifige atá riachtanach a chinntiú.
- An Dualgas atá orainn i dtaca le Cothromaíocht san Earnáil Phoiblí agus Cearta an Duine a chomhlíonadh agus cinntiú go gcloíonn muid le Caighdeáin in Oifigí Poiblí.

## 2. Daoine aonair a chosaint agus feasacht ar chosaint sonraí a chur chun cinn

*Torthaí Cuí:* Go mbeidh tuiscint níos fearr ag daoine aonair ar na cearta atá acu i dtaca le cosaint sonraí, go mbeadh feasacht acu conas na cearta sin a éileamh ar a son féin agus conas aon imní atá orthu a ardú chuig an CCS nuair is gá.

Tá sé riachtanach an úsáid a bhaintear as ár gcuid eolais a thuiscint agus a smachtú chun go mbeidh smacht againn ar ár saol féin. Aithníonn reachtaíocht chosanta sonraí é seo agus sonraítear i gCairt Bhun-Chearta an Aontais Eorpaigh an ceart eolas pearsanta an duine a chosaint mar bhun-cheart an duine agus, mar thoradh ar sin, tá caighdeán thar a bheith ard i dtaca le hoscailteacht agus freagracht a mbíonn muintir na hEorpa ag súil leis nuair a dhéanann eagraíochtaí a gcuid sonraí a phróiseáil.

Tá mandáid ar leith ag an CCS na cearta atá ag daoine aonair teacht ar aon eolas pearsanta a bhaineann leo, agus a chinntiú go ndéantar an t-eolas a phróiseáil go cothrom, a chosaint. Tá sé riachtanach a bheith oscailte i dtaca le conas mar a dhéantar eolas pearsanta an duine aonair a láimhseáil. Tá muinín sna heagraíochtaí a úsáideann an t-eolas sin chomh riachtanach céanna. Éilítear ardú ar oscailteacht maidir le céard is gníomhaí ‘maith’ nó ‘dona’ ann i dtéarmaí próiseála in aiseolas ó na páirtithe leasmhara ar fad. Leanfaidh an CCS ar aghaidh ag obair ar Chóid Chleachtais agus ar Theastais, ionas gur féidir na cleachtais is fearr a fhorbairt laistigh d’earnálacha, agus beidh comhlíontacht shoiléir le caighdeáin phróiseála agus deimhniú a thabhairt do thomhaltóirí agus d’eagraíochtaí níos éasca dá réir.

Is mian leis an CCS an mhéid is mó gur féidir a bhaint amach, a bhaint amach don oiread daoine agus is féidir. Áirítear leis seo, ní hamháin na mílte duine a dhéanann teagmháil go díreach linn, ach freisin na milliúin duine nach ndéanann an teagmháil sin, ach go mb’fhéidir go ndearnadh na cearta sin a shárú orthu mar gheall ar chúinsí ar leith a bhaineann leis an gcás áirithe sin. Chun é seo a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil, caithfidh an CCS an cur chuige i dtaca le gearáin aonair a ath-chothromú, chun a chinntiú go n-úsáidtear a chuid acmhainní ar bhealach chomh éifeachtach agus is féidir chun torthaí níos fearr a bhaint amach don líon is mó daoine. Chomh maith leis an

obair a dhéanann an CCS chun tacú le heagraíochtaí tuiscint a fháil ar a gcuid riachtanas i dtaca le comhlíontacht agus le freagracht, ní mór don CCS freisin, aird a thabhairt ar fheasacht agus ar thuiscint dhaoine aonair ar reachtaíocht chosanta sonraí a ardú ionas gur féidir leo roghanna feasacha a dhéanamh i dtaca le cosaint sonraí agus a gcuid údaráis féin a chur i bhfeidhm faoin RGCS.

Sa dá bhliain idir Bealtaine 2018 agus Bealtaine 2020, rinneadh breis is 80,000 teagmháil lena oifig, agus osclaíodh 15,025 cás ar son daoine aonair dá réir.1 Bhí raon caol ag formhór mór na gcásanna seo, gan ach duine amháin i gceist agus dírithe ar cheisteanna nach bhfuil tionchar mór fadtréimhseach acu ar chearta ná ar shaoirse an duine aonair. B'fhearr leis an CCS tosaíocht a thabhairt do chásanna a d'fhéadfaidís tionchar mór córasach a imirt ar an líon is mó daoine thar an tréimhse is faide, agus a chuid acmhainní fiosrúcháin a dháileadh ar an mbonn sin.

Léirítear in aiseolas ó dhaoine aonair gurb é an rud atá á lorg acu go géar ná tuiscint níos fearr ar a gcuid cearta agus ar a gcuid teidlíochtaí, ionas gur féidir leo iad féin a chumhachtú, gníomhaithe creidiúnacha a aithint agus an idirbheartaíocht a dhéanamh go muiníneach. Tríd acmhainn an CCS a chur ar fáil sna réimsí córasacha is mó ar féidir leo dul chun tairbhe, is féidir leis an CCS tionchar dearfach a imirt ar fheasacht agus ar chomhlíontacht, agus bogadh amach ó chóras a bhfuil go leor gearán ann, rud nach bhfuil caoithiúil ná tairbheach don tromlach.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhfuil bealaí á lorg ag an CCS chun droim láimhe a thabhairt do ghearáin - tá bealach níos éifeachtúla á lorg, áfach, an líon mór gearán a fhaigheann sé gach bliain a láimhseáil, agus sin a dhéanamh ar bhealach a théann chun tairbhe don líon is mó daoine. De réir na tairisceana ag an CCS maítear go bhfuil níos mó ná bealach amháin chun cearta i dtaca le cosaint sonraí do dhaoine aonair a chinntiú, lena n-áirítear acmhainní a chur ar fáil do cheisteanna a bhfuil riosca ard ag baint leo áit ar féidir leo an tairbhe is mó a dhéanamh.

**Chun an toradh seo a bhaint amach, beartaíonn an CCS:**

[1] CCS Éirinn 2018 - 2020 Gníomhaíocht Rialála Faoin RGCS

- Feasacht an phobail a ardú faoina gcuid cearta i dtaca le cosaint sonraí agus conas gur féidir leo an úsáid a bhaintear as a gcuid sonraí pearsanta a smachtú.
- Leas a bhaint as na meáin phríomhshrutha chun feasacht i measc na ndaoine ar chosaint sonraí a ardú agus a gcuid cearta faoin GRCS.
- Aird a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag cosaint sonraí ar ghrúpaí leochaileacha agus dul i gcomhairle le grúpaí abhcóideachta chun é seo a chur in iúl go cuí.
- Claonta agus téamaí a aithint laistigh de ghearáin aonair ionas gur féidir linn torthaí láidre comharghnó a bhaint amach.
- Dul i gcomhairle le heagrais an tsochaí shibhialta ar réimsí atá ag déanamh imní do dhaoine.
- Tosaíocht a thabhairt do dháileadh acmhainní an CCS ar chásanna a bhfuil tionchar córasach níos mó acu ar líon mór daoine.
- Treoir ar leith níos cuimsithí a fhoilsiú ar phróisis an CCS chun gearáin a láimhseáil - lena n-áirítear conas mar a aithnítear riosca córasach - sa bhliain 2022
- Athrú ar chultúr a chur chun cinn i dtreo comhlíontachta trí dhul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara, ionas go gcinntítear cearta cosanta sonraí mar ghnás iompraíochta sa sochaí.
- Cumarsáid rialta le heagraíochtaí ar nósanna imeachta fiosrúchán agus torthaí deiridh.
- Dul i gcomhairle go cothrom le heagraíochtaí chun oscailteacht, muinín agus comhlíontacht a chur chun cinn.
- Forbairt ar chóid chleachtais a chur chun cinn go gníomhach agus teastais chun na cleachtais earnála is fearr a chumasú agus comhlíontacht a léiriú i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála.
- Oibriú le ÚCS-anna eile chun forfheidhmiú daingnithe comhsheasmhach a thabhairt isteach ar fud na hEorpa, rud a dhéanfaidh cur chuige forfheidhmithe a chomhoiriúnú agus na critéir do rathúlacht rialála a aontú.

## 3. Tosaíocht a thabhairt do pháistí a chosaint agus grúpaí leochaileacha eile

*Torthaí Cuí: Tugtar cosaint shonrach do pháistí agus do ghrúpaí leochaileacha, agus tá tuiscint níos fearr ar chearta cosanta sonraí agus ar an mbunús dlí gur féidir sonraí pearsanta a roinnt acu siúd a ghníomhaíonn ar a son. Cuirtear treoir ar fáil do pháistí agus do ghrúpaí leochaileacha eile ar bhealaí inaimsithe, ionas nach mbíonn bac ar eolas a aimsiú i dtaca le teanga, cumas intleachta nó fisiciúil, le baic airgeadais nó eile.*

Sa chomhairliúchán tosaigh de chuid an CCS ar na sprioc-thorthaí dréachta, d'aithin muid sonraí a bhaineann le páistí a chosaint mar toradh straitéiseach cuí. Ceann de na thorthaí is tábhachtaí ó chomhairliúchán atriallach an CCS le páirtithe leasmhara - ó na hearnálacha ard fad - ná an réimse seo a leathnú chun grúpaí leochaileacha go ginearálta a chur san áireamh, daoine aosta, lucht labhartha neamh-dhúchasacha agus iad siúd sna réimsí a bhfuil riosca ard ag baint leo lena n-áirítear daoine gan dídean, mar ghrúpaí a dteastaíonn tacaíochtaí ar leith uathu chun a gcuid cearta cosanta sonraí a dhearbhú.

Bhí páirtithe leasmhara den tuairim go raibh cúinse riosca comhchoiteann ag páistí agus ag grúpaí leochaileacha: is é sin go mbraitheann siad go minic ar dhaoine eile chun abhcóideacht a dhéanamh ar a son. Ní shin le rá go bhfuil na rioscaí díreach céanna ag dul do pháistí agus do ghrúpaí leochaileacha, ach a aithint go bhfuil grúpaí ann laistigh den sochaí níos leithne a bhíonn faoi mhíbhuntáiste go minic maidir leis na baic a bhíonn ann i dtaca le féin-abhcóideacht.

D'aithin lucht freagartha an chomhairliúcháin ar thorthaí sprioc-dhírithe go sonrach na rioscaí atá ann do pháistí agus do ghrúpaí leochaileacha eile nuair nach raibh na daoine féin a bhí i mbun abhcóideachta soiléir maidir leis na forálacha faoin reachtaíocht chosanta sonraí, go háirithe maidir le heolas a roinnt leis an tríú pháirtí. Luaigh an lucht freagartha cásanna a raibh cás díobhálach i gceist do pháistí agus do dhaoine fásta leochaileacha ar feadh tréimhse fada, mar go raibh castacht éagumasach i gceist maidir le conas eolas a roinnt, cén t-eolas ar cheart a roinnt agus cathain ar cheart é a roinnt. Tharla sé

seo ar fad de bharr na héiginnteachta maidir le sonraí a roinnt - go háirithe i dtaca le toiliú.

Tá sé d'aidhm ag an RGCS bun-cheart an AE i leith chosaint sonraí a chosaint agus tosca a fheabhsú do mhuintir an AE dá réir, agus ní iad a laghdú. Tá dualgas breise ar an CCS faoi Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas chun comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint dóibh siúd go léir a mbeidh tionchar ag na polasaithe agus ag na pleananna atá ann orthu. Tá an dá phrionsabal seo mar bhonn faoi obair an CCS agus athneartaithe ag an tiomantas i dtaca le comhairliúchán agus oideachas, ionas go mbaineann gach duine buntáiste cothrom as na forálacha i dtaca le dlíthe cosanta sonraí, lena n-áirítear iad siúd a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu chun a gcuid cearta a chosaint.

**Chun an toradh seo a bhaint amach, beartaíonn an CCS:**

- An chosaint ar leith a theastaíonn chun cearta páistí agus grúpaí leochaileacha eile a chosaint a shainmhíniú i dtaca lena gcuid sonraí pearsanta a chosaint, agus treoir a chur ar fáil do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí.
- Ábhair oideachais a chur ar fáil atá réidh lena n-úsáid agus feasacht a ardú i dtaca leis na cearta cosanta sonraí atá ag páistí, dírithe ar pháistí, ar a gcuid múinteoirí, ar a gcuid tuismitheoirí agus caomhnóirí.
- Oibriú i gcomhar le hurlabhraithe agus le saineolaithe sa réimse a bhaineann le cearta daoine fásta leochaileacha a chosaint agus a chur chun cinn, lena n-áirítear rialtóirí eile agus eagrais reachtúla.
- Forbairt chóid chleachtais i dtaca le heolas pearsanta a bhaineann le páistí a phróiseáil, a chur chun cinn go gníomhach, agus eolas pearsanta a bhaineann le grúpaí leochaileacha eile.
- Mion-taighde a dhéanamh i dtaca le conas mar a théann dlíthe cosanta sonraí i bhfeidhm ar pháistí, go hinmheánach agus trí pháirtnéireachtaí taighde araon, mar shampla ar chórais dheimhnithe aoise a úsáid agus modhanna chun toiliú tuismitheora a fháil do sheirbhísí ar an idirlíon.
- Dul i gcomhairle agus páirtnéireacht a bhunú le heagrais ionadaíochta agus le grúpaí abhcóideachta a ghníomhaíonn ar son daoine leochaileacha, chun léargas a fháil uathu i dtaca leis an mbealach is

fearr chun treoir a chur in oiriúint dá gcuid cliant, chomh maith le treoir dóibh siúd a bhfuil daoine leochaileacha faoina gcúram.

- Modhanna cumarsáide a athrú chun treoir fhuaime agus treoir léiritheach a áireamh dóibh siúd gur fearr leo teacht ar eolas ar an mbealach sin.
- Leanúint le hiarrachtaí an CCS soiléireacht agus comhsheasmhacht a thabhairt i dtaca le forfheidhmiú dlíthe cosanta sonraí, ionas gur féidir le rialtóirí feidhmiú go héifeachtach gan imní iomarcach.
- An bunús d'eolas a roinnt a shoiléiriú, ionas nach bhfuil daoine aonair faoi mhíbhuntáiste nó nach bhfuil baol orthu mar thoradh ar an iomarca airdill a bheith ar rialtóirí sonraí.
- Measúnú bliantúil ar iarrachtaí an CCS ag freagairt don dualgas atá air i dtaca le Comhionannas san Earnáil Phoiblí agus Cearta an Duine agus cuntas poiblí a thabhairt orthu inár dtuarascáil bhliantúil.

## 4. Soiléireacht a thabhairt do pháirtithe leasmhara

*Torthaí Cuí: Leanann an CCS próisis i dtaca le gearáin a láimhseáil atá cothrom, neamhchlaonta agus oscailte ar bhonn tosaíochta, chun a chinntiú go roinntear a chuid acmhainní go comhréireach chun a chinntiú go mbeidh an tionchar is mó acu agus an tairbhe is mó acu ar pháirtithe leasmhara.*

Cuireann an RGCS dualgas ar údaráis chosanta sonraí roinnt feidhmeanna ar leith a chomhlíonadh mar rialtóirí agus tugann sé cumhachtaí suntasacha fiosrúcháin agus smachtbhannaí nuair a fheiceann siad gur sáraíodh an dlí. Áirítear sna cumhachtaí riachtanacha éifeachtacha seo, fíneáil a ghearradh ar eagraíochtaí ciontacha, agus tuilleadh cumhachtaí nach iad. Cé go bhfuil cumhachtaí ceartúcháin luaite sa RGCS, ní luaitear feidhmiú seasmhach, chun gur féidir é a chur in oiriúint do riachtanais éagsúla a éilíonn dlíthe na mballstát.

Tá acmhainní teoranta ar fáil don CCS chun an mandáid forleathan a chomhlíonadh agus dá réir, is gá dó mion-mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun iad a chur i bhfeidhm, chun a chinntiú nach mbíonn tionchar ró-mhór ag gearáin nach bhfuil tábhacht chórasach ag baint leo ar acmhainní an rialtóra nuair a d'fhéadfaí na hacmhainní céanna sin a úsáid do chásanna córasacha, rud a fheabhsóidh torthaí cosanta sonraí do roinnt daoine. An sprioc ná a chinntiú go roinntear acmhainní an CCS go cuí agus go comhréireach, ionas go ndéileáiltear le ceisteanna córasacha nó ceisteanna a mbíonn tionchar suntasach acu ar bhunchearta agus ar shaoirse go tráthúil agus nach mbíonn siad sáinnithe in ualach cásanna.

Molann an RGCS cur chuige bunaithe ar riosca i dtaca le cosaint sonraí, chun torthaí feabhsaithe a bhaint amach d'ábhair sonraí ar bhealach níos tráthúla. Ar an mbonn seo, d'fhéadfadh an CCS, amach anseo, cur chuige comhchoiteann a ghlacadh i dtaca le ceisteanna córasacha a fhiosrú, seachas roinnt fiosrúchán a bhunú i dtaca le gearáin aonaracha faoin gceist chéanna. Tá costas ag baint le roinnt fiosrúchán a bhunú ag an am céanna i dtaca le ham agus le hacmhainní agus ní thugann sé feabhas do dhaoine aonair seachas dóibh siúd lena mbaineann an cás ar leith. Más féidir cearta ar leith a chosaint le cur chuige comhchoiteann, creideann an CCS go bhfuil sé stuama agus tapa sin a dhéanamh.  Maidir le gearáin nach bhfuil tionchar suntasach acu ar

bhunchearta ná ar shaoirse agus nach bhfuil córasach, tabharfaidh an CCS freagra cuí.

Tuairiscíodh frustrachas agus ualach iomarcach san aiseolas ón gcomhairliúchán le grúpaí fócais de dhaoine aonair i measc daoine a bhrath go raibh droim láimhe á tabhairt ag gnólachtaí agus ag eagraíochtaí don fhreagracht a bhaineann le cosaint sonraí agus á seoladh ar aghaidh chuig custaiméirí. Bhraith páirtithe leasmhara go raibh sé de rún níos mó ag eagraíochtaí iad féin a shlánú in aghaidh caingne amach anseo, seachas eolas a phróiseáil i gcomhar le caighdeáin oscailte dhlisteanacha.

Aithníonn muid go bhfuil fonn ar thromlach gnólachtaí agus eagraíochtaí a gcuid dualgas faoin RGCS a chomhlíonadh - ach nach bhfuil soiléireacht ag cuid díobh uaireanta maidir le conas mar a fheidhmítear na dualgais sin ar an mbealach is fearr - tacóidh an CCS le rialtóirí sonraí i dtaca lena gcuid iarrachtaí comhlíontachta, ionas go bhfuil treoir shoiléir ann maidir le tiomantais reatha agus amach anseo i dtaca le cosaint sonraí a chomhtháthú ina gcuid cleachtas ghnó. Má bhíonn breis comhlíontachta feasaigh ann, maolóidh sé dochar a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine aonair sula dtarlaíonn sé, rud a thagann le mandáid an CCS cearta a chosaint do dhaoine aonair. Chomh maith lena gcuid tacaíochtaí d'eagraíochtaí, áfach, agus nuair is gá, cuirfidh an CCS smachtbhannaí orthu siúd a sháraíonn an dlí maidir le cosaint sonraí, agus déanfar é ar bhealach atá éifeachtach, cóir agus athchomhairleach. Le meascán tomhaiste de na bearta crua agus éadrom rialála seo, déanfaidh an CCS an tábhacht bhunúsach a bhaineann le freagracht do rialtóirí sonraí faoin RGCS a dhaingniú.

**Chun an toradh seo a bhaint amach, beartaíonn an CCS:**

- Tosaíocht a thabhairt do dháileadh acmhainní an CCS ar chásanna a bhfuil tionchar córasach níos mó acu ar líon mór daoine.
- Rialáil ar bhealach cothrom, neamhchlaonta agus oscailte.
- Cumhachtaí ceartúcháin a úsáid go cuí - lena n-áirítear fíneálacha, más cuí - chun iompraíocht a athrú agus cultúr comhlíontachta níos fearr maidir le cosaint sonraí a chruthú.

- Fadbhreathnaitheacht teicneolaíochta an CCS a choinneáil agus a fheabhsú, chun a chinntiú gur féidir leis rialáil go héifeachtach amach anseo, mar fhreagra ar theicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa.
- Polasaí Teicneolaíochta ar leith a fhorbairt agus a fhoilsiú chun riachtanais theicneolaíochta an stáit amach anseo a mheas - bunaithe ar dhaoine agus ar innealra araon - den CCS.
- Oibriú leis an BECS chun nósanna imeachta comhsheasmhacha a fhorbairt don chóras CEMI agus na méadrachtaí a chruthaíonn sé a fheabhsú.
- Cumarsáid rialta le heagraíochtaí ar nósanna imeachta fiosrúchán agus torthaí deiridh.
- Dul i gcomhairle go cothrom le heagraíochtaí chun oscailteacht, muinín agus comhlíontacht a chur chun cinn.
- An raon atá ag an líonra OCS-anna de chuid an CCS a leathnú chun a chinntiú go dtugtar oibrithe neamh-ainmnithe cosanta sonraí - a bhfuil ceannaireacht chomhlíontachta á tabhairt acu laistigh dá gcuid eagraíochtaí - isteach sa Líonra.
- Oibriú le CPS-anna eile chun forfheidhmiú daingnithe comhsheasmhach a thabhairt isteach ar fud na hEorpa, rud a dhéanfaidh cur chuige forfheidhmithe a chomhoiriúnú agus na critéir do rathúlacht rialála a aontú.

## 5. Tacú le heagraíochtaí agus comhlíontacht a chothú

*Torthaí Cuí: Tá gnólachtaí agus eagraíochtaí beaga agus móra ar an eolas agus iad freagrach as a gcuid gníomhaíochtaí próiseála sonraí agus tá soiléireacht agus comhsheasmhacht ann i dtaca le smachtbhannaí agus le gníomhaíochtaí forfheidhmithe.*

Ceann de na fáthanna a rinneadh an RGCS a fhorbairt ná chun cinnteacht agus comhsheasmhacht dhlíthiúil a chinntiú d'eagraíochtaí a dhéanann sonraí pearsanta a phróiseáil - go páirteach nó go hiomlán. Bhí sé mar aidhm ag an gcinnteacht faoi dhualgais, dá réir, iarrachtaí tráchtála amach anseo a éascú a bheadh comhlíontach, freagrach agus i gcomhar le caighdeáin chomhoiriúnaithe cosanta sonraí.

Ach, mar gheall gur bunaíodh reachtaíocht chomhoiriúnaithe i dtaca le cosaint sonraí gan creatlach comhoiriúnaithe forfheidhmithe, tá roinnt neamh-chomhsheasmachtaí míthuisceana ann dá réir i dtaca le céard is rialáil thioncharach ann. Tá claonadh ann uaireanta fíneáil a chomhcheangail le rath rialála agus fíneálacha a úsáid chun éifeachtúlacht a mheas. Sna freagraí a fuarthas ó pháirtithe leasmhara, ba é seo ceann de na réimsí a raibh éagsúlacht tuairimíochta ann. Thacaigh daoine aonair le fíneálacha móra má sháraítear dlíthe cosanta sonraí (rinne roinnt freagróirí idirdhealú idir chiontóirí don chéad uair agus ciontóir a rinne cheana é, gan lamháltas ar bith don dara ceann) agus theastaigh cur chuige bunaithe ar riosca ó fhreagróirí ón earnáil thionsclaíochta, ionas go gcuirfí smachtbhannaí níos géire ar fhaillí d'aon ghnó nó ar shárú d'aon ghnó.

Tá na huirlisí 'crua forfheidhmithe', mar a thugtar orthu, agus smachtbhannaí ar fáil don rialtóir, ach ní hiad amháin atá mar chuid den ról rialacháin. Síneann sé sin níos faide ná smachtbhannaí a chur i bhfeidhm chun athrú ar chur chuige cultúrtha maidir le cosaint sonraí go dtí leas an phobail ina iomláine a áireamh. Déantar é seo trí chomhairliúchán leitheadach - rud nach léiríonn drogall rialála, ach a aithníonn go dtiocfaidh feabhas ar éifeachtúlacht i dtaca le cosaint sonraí má dhéantar am agus iarracht a infheistiú i gcultúr comhlíontachta a fhorbairt. Tá an CCS tiomanta an raon iomlán uirlisí rialála atá ar fáil dó a úsáid - lena n-áirítear fíneálacha - chun an cultúr comhlíontachta sin a chruthú.

Tá sé seo fíor freisin i gcásanna ina bhfeidhmíonn an CCS mar an Údarás Ceannais Maoirseachta d'fhiosrúcháin tras-teorainn, áit gur gá dó na téarmaí tagartha a bhaineann lena chuid fiosrúchán a shocrú sa chaoi is go gcinnteofar gur féidir toradh a bhaint amach ar deireadh laistigh de choinníollacha an dlí. Aithníonn muid go gciallaíonn an raon tíreolaíochta agus feidhmiúcháin a bhaineann le cuid d'ár gcuid aonáin rialála go bhfuil na torthaí ar ár gcuid fiosrúchán ilnáisiúnta ábhartha go díreach le CPS-anna eile, mar atá leis na hoibríochtaí tras-teorainn ar fad. Leanfaidh an CCS air a gcuid fiosrúchán a reáchtáil ar bhealach cothrom agus oscailte, de réir an neamhspleáchais a shonraítear dó i dtéarmaí an RGCS, agus i gcomhar lena chuid dualgas faoin dlí. Oibreoidh sé freisin leis na Coimisinéirí Cosanta Sonraí eile ag leibhéal an BECS chun cumarsáid a fheabhsú faoi raon na bhfiosrúchán de chuid an CCS agus, go háirithe, chun soiléireacht a bhaint amach ionas gur féidir le hoibríochtaí faoi Airteagal 60 dul ar aghaidh gan stró agus torthaí a bhaint amach do gach páirtí leasmhar ar bhealach níos tráthúla.

Beidh treoir agus comhairliúchán le heagraíochtaí cinniúnach chun freagracht a chothú agus chun cultúr maidir le comhlíontacht i dtaca le cosaint sonraí go ginearálta a chur chun cinn. Is uirlisí rialála ann féin iad, agus níor cheart iad a mheas faoina luach mar go gceaptar go bhfuil siad 'níos éadroime' ná smachtbhannaí díreacha. Is féidir le cothú comhlíontachta - seachas smachtbhannaí a ghearradh go siarghabhálach agus go haontaobhach - torthaí níos fearr a bhaint amach do na páirtithe leasmhara ar fad. Is rialachán é an RGCS atá bunaithe ar riosca agus, mar a léiríodh sna freagraí inár gcomhairliúchán, is é an cur chuige bunaithe ar riosca maidir le smachtbhannaí an modh is mó a bhfuil tóir air freisin chun na cumhachtaí seo a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an CCS tosaíocht d'ionchúiseamh, smachtbhannaí agus/nó fíneáil a chur ar na sáruithe sin atá mar thoradh ar rún faillíoch, coiriúil nó d'aon ghnó.

**Chun an toradh seo a bhaint amach, beartaíonn an CCS:**

- Gníomhaíochtaí éifeachtacha rialála a leanúint a bhaineann leas as an raon iomlán de bhearta ceartúcháin, curtha i bhfeidhm go cuí, chun rialáil go héifeachtach in earnáil atá ag athrú go tapa.
- Rialáil ar bhealach cothrom, neamhchlaonta agus oscailte.

- Cumhachtaí ceartúcháin a úsáid go cuí chun iompraíocht a athrú agus cultúr comhlíontachta níos fearr maidir le cosaint sonraí a chruthú.
- Athrú ar chultúr a chur chun cinn i dtreo comhlíontachta trí dhul i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara, ionas go gcinntítear cearta cosanta sonraí mar ghnás maidir le cleachtais ghnó.
- Fadbhreathnaitheacht teicneolaíochta an CCS a choinneáil agus a fheabhsú, chun a chinntiú gur féidir leis rialáil go héifeachtach amach anseo, mar fhreagra ar theicneolaíochtaí atá ag athrú go tapa.
- Leanúint ar chóid chleachtais a chur chun cinn go gníomhach agus teastais chun na cleachtais earnála is fearr a chumasú agus comhlíontacht a léiriú i dtaca le gníomhaíochtaí próiseála.
- Treoir léiritheach a chruthú maidir leis an raon a shocrú d'fhiosrúcháin mhóra agus d'fhiosrúcháin bheaga.
- Dul i gcomhairle le reachtaíocht reatha - agus amach anseo - a thagann trasna ar RGCS, le haitheantas go mbíonn eagraíochtaí ag streachailt uaireanta le dualgais chomhlíontachta a réiteach faoi reachtaíochtaí iomadúla.
- Cumarsáid réamhghníomhach le húdaráis mhaoirseachta eile de chuid an BECS ar cheisteanna a thagann chun cinn.
- Dul i gcomhairle le húdaráis chosanta sonraí lasmuigh den LEE chun na difríochtaí maidir le dlíthe cosanta sonraí a thuiscint agus na himpleachtaí a bhíonn acu.
- Oibriú i gcomhar le dreamanna eile ar iarrachtaí comhoibrithe idirnáisiúnta.
- Rannpháirtíocht ag comhdhálacha agus imeachtaí eile ionas go gcuirtear ár gcur chuige rialála in iúl agus go tuigtear é.
- Cásanna samplacha mionsonraithe d'ár gcuid cinntí a fhoilsiú ar bhealach inaimsithe ionas go bhfuil creatlach tagartha ag rialtóirí agus tograí nua á bpleanáil.
- Tosíocht a thabhairt do threoir a fhorbairt do mhicrea-fhiontraíocht, d'fhiontraíocht bheag agus d'fhiontraíocht ar mheán-mhéid.
- Oibriú le OCS-anna chun feasacht a ardú agus an tionchar atá ag an ról atá acu.
- Dul i gcomhairle go comhsheasmhach agus go hatriallach le gnólachtaí agus le heagrais ionadaíochta chun muinín a chothú agus comhlíontacht a ardú.

- Athbhreithniú rialta agus ár gcuid tosaíochtaí maoirseachta agus forfheidhmithe a chur in iúl.

# Conclúid

Bhí misneach ag an CCS mar gheall ar líon agus ar éagsúlacht na bhfreagraí a fuair an Comhairliúchán ar an Dréacht-Straitéis. Bhí an machnamh a rinneadh agus tuairimí a léiríodh - lena n-áirítear malairt smaointeoireachta - ina chuidiú mór chun an Straitéis Rialála seo a chur i gcrích, a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2022.

Mar a dúradh cheana, tá leithead na gcúramaí atá ag an CCS chomh leathan sin nach féidir a sheachaint ach go mbeidh páirteanna agus fo-pháirteanna de na cúramaí sin a bhfuil baint níos mó acu le hearnáil amháin seachas ceann eile. An dúshlán atá roimh an CCS ná an imní sin a réiteach agus an bealach chun cinn a aimsiú atá cothrom do chách, forásach agus - ar deireadh - indéanta.

Ba mhaith leis an CCS buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe a chuir an trioblóid orthu féin a gcuid tuairimí a roinnt i dtaca le cur chuige rialála an CCS amach anseo.

Tá muid ag an CCS ag súil le haidhmeanna na Straitéise Rialála seo a chur i bhfeidhm agus tuilleadh a chur ar fáil ar mhaithe le tuilleadh sna chéad chúig bhliana eile.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission